MAR A N- ÓLANN PLANDAÍ

F TEAGHLACH

Ar smaoinigh tú riamh ar an gcaoi a n-ólann plandaí a gcuid uisce? Níl béal ag plandaí ach tagann tart orthu mar a thagann orainn féin. Déanaimis fiosrú faoin gcaoi a n-ólann plandaí uisce

Trealamh nó na nithe a bheidh ag teastáil	• 1 coróineach bhán • 1 craobh shoilire le duilleoga • Dath bia dearg • 2 ghloine nó 2 chupán plaisteach • Uisce • Marcóir
Eolas cúlra	Gluaiseann uisce trí fheadáin thanaí suas trí phlandaí
Le déanamh	1. Líon gach gloine leath bealaí le huisce 2. Cuir go leor den dath bia dearg leis an dá ghloine uisce chun dhá ghloine d'uisce dearg dorcha a dhéanamh. Tá dhá ghloise uisce dearg agat anois. 3. Gearr an timpeall 1cm as bun gach planda. 4. Cuir an chraobh shoilire i ngloine uisce amháin mar atá sa léaráid 5. Cuir an choróineach bhán sa ghloine uisce eile mar atá sa léaráid 6. Marcáil leibhéal an uisce i ngach gloine de do mharcóir
Cad a tharlaíonn?	Tagann dath dearg ar bhláthanna na coróiní. Feicfidh tú línte tanaí uisce daite ar an gcraobh shoilire. Beidh dearg i nduilleoga an tsoilire chomh maith. Agus beidh leibhéal an uisce níos ísle sa dá ghloine.
Tuige?	Tá an t-uisce daite tar éis gluaisteacht suas trí na feadáin chaola sna plandaí (beidh sé seo le feiceáil sa soilire). Iompraítear an t-uisce ansin timpeall ar phiotail na coróiní agus duilleoga an tsoilire. Iarr ar dhuine fásta gearradh tríd an chraobh shoilire. Feicfidh tú marc dearg sna feadáin chaola. Má tá gloine méadaithe agat bain úsáid as nuair a ghearrann tú an soilire.
Dúshlán	An féidir leat bláth ildaite a dhéanamh as coróineach bhán? *(Nod: Iarr ar dhuine fásta cuid den ghas a scoilteadh síos an lár. Úsáid dhá ghloine uisce daite taobh le taobh.)*



Discover Primary Science and Maths
www.primaryscience.ie

Abbott
A Promise for Life